Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Bealtaine 2026 (OR. en)**

**9342/26**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2026/0120(BUD)**

**FIN 688**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 9178/26 |
| Ábhar: | Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh a shlógadh chun cúnamh a thabhairt don Rómáin i ndáil leis na tuilte a tharla ag deireadh mhí na Bealtaine 2025, don Chipir tar éis na bhfalscaithe i mí Iúil 2025 agus don Spáinn tar éis na bhfalscaithe i mí Lúnasa 2025<br>*- Formheas* |

1. An 18 Bealtaine 2026, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh (CDAE) a shlógadh, a bhfuil togra ag gabháil leis maidir le haistriú leithreasuithe Uimh DEC 08/2026[1].

[1] 9179/26.

2. Is é is cuspóir don togra sin Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh a shlógadh do mhéid iomlán de EUR 144,10 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí, lena n-áirítear an méid seo a leanas faoi seach:

- EUR 14,34 milliún chun cúnamh a thabhairt don Rómáin mar thoradh ar na tuilte a tharla ag deireadh mhí na Bealtaine agus ag tús mhí an Mheithimh 2025;
- EUR 9,21 milliún chun cúnamh a chur ar fáil don Chipir mar thoradh ar na falscaithe a tharla i mí Iúil 2025, lena n-áirítear EUR 2,32 milliún mar réamhíocaíocht a rinneadh cheana; agus
- EUR 120,55 milliún chun cúnamh a chur ar fáil don Spáinn mar thoradh ar na falscaithe a tharla i mí Lúnasa 2025, lena n-áirítear EUR 30,14 milliún mar réamhíocaíocht a rinneadh cheana.

3. Scrúdaigh an Coiste um an mBuiséad an togra sin ag an gcruinniú a bhí aige an 20 Bealtaine 2026 agus d'fhormheas sé é.

4. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle téacs an Chinnidh maidir le slógadh Chiste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh, mar a leagtar amach in 9343/26 é, a fhormheas.